## Aguisín 3

## Achoimre ar nithe breise a cuireadh leis an bPlean Freagartha maidir le COVID-19 a éilítear de réir an 'Phrótacail um Oibriú go Sábháilte'

### Mír 4.2 Nós Imeachta um Fhilleadh ar an Obair (FAR) & Seicliosta Aguisín 6 do Bhainistíocht na Scoile

Ba chóir foirm FAR (*RTW*) a chomhlánú agus a chur ar ais go dtí an scoil sula bhfillfear ar an obair. Ba chóir do scoileanna iarraidh ar na baill foirne (ó bhéal nó i scríbhinn) a dheimhniú nár athraigh na sonraí san fhoirm roimh fhilleadh ar an obair a eascraíonn tar éis na dtréimhsí dúnta ar nós laethanta saoire na scoile.

### Mír 5 Bearta Rialaithe um Ionfhabhtú a Chosc – Chun cosc a chur ar COVID-19 a Thabhairt Isteach agus a Scaipeadh i Scoileanna

- Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí féin-aonrú a dhéanamh nó srian a chur ar a gcuid gluaiseachtaí sa bhaile má léiríonn siad aon chomharthaí nó siomptóim de COVID-19 agus teagmháil a dhéanamh lena ndochtúir teaghlaigh le tástáil a shocrú

- Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí gan filleadh ná gan freastal ar scoil i gcás na nithe seo a leanas:
  - má tá siad aitheanta ag FSS mar ghartheagmhálaí de chás deimhnithe de COVID-19
  - má tá cónaí orthu le duine a bhfuil siomptóim den víreas aige/aici
  - má thaistil siad lasmuigh d'Éirinn; ina leithéid cásanna moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal thar lear agus í a leanúint.
  - Cuir comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí comhoibriú a dhéanamh le haon oifigigh sláinte poiblí agus leis an scoil chun críche rianaithe teagmhálacha agus aon chomhairle sláinte poiblí a leanúint sa chás go bhfuil cás nó ráig sa scoil.

### Mír 5.3 Sláinteachas Lámh

- Tá ceanglas ann maidir le rochtain ar shaoráidí níochán láimhe tar éis gníomhaíochtaí ar dócha go salóidh siad na lámha, mar shampla ag súgradh lasmuigh nó gníomhaíochtaí spóirt áirithe mar nach n-oibríonn díghalrán láimhe ar lámha atá salach.
- Ní ceadmhach díghalrán alcóil a stóráil ná a úsáid in aice le teas ná lasair gan chosaint

## Mír 5.4 Scaradh Fisiciúil

***Aerú – mír nua***

Tá treoir foilsithe ag an Roinn ina leagtar amach na céimeanna praiticiúla d'aerú maith i gcomhréir le comhairle sláinte poiblí '*Céimeanna Praiticiúla le hÚsáid a bhaint as Dea-chleachtais um Aerú i Scoileanna'*. Sa treoir leagtar amach cur chuige do scoileanna ar an iomlán gur chóir na fuinneoga bheith chomh hoscailte agus is féidir nuair nach bhfuil seomraí ranga in úsáid (e.g. le linn amanna sosa nó amanna lóin (ag glacadh leis nach bhfuil siad in úsáid) agus ag deireadh gach lae scoile freisin) agus bheith leathoscailte nuair atá na seomraí ranga in úsáid. Forálann an treoir gur féidir aerú maith a bhaint amach i seomraí ranga gan bheith míchompordach, go háirithe le linn na haimsire fuaire.

## Mír 5.5 TCP a úsáid i Scoileanna

**Maisc Ghrád Leighis**

Ní mór do scoileanna maisc ghrád leighis sa chatagóir EN14683 a sholáthar do gach CRS agus do mhúinteoirí i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta agus do na baill foirne sin, de réir mar is gá, a chaithfidh a bheith go leanúnach in aice le daltaí a bhfuil riachtanais chúraim phearsanta acu. Áirítear Coimhdirí Bus Scoile orthu seo freisin.

## Mír 8 Ag Déileáil le Cás Amhrasta COVID-19

Ba chóir baill foirne na scoile a spreagadh le haip rianaire COVID-19 de chuid FSS a íoslódáil chun cuidiú leis an tSláinte Phoiblí chun críche rianaithe teagmhálacha laistigh agus lasmuigh de shuíomh na scoile araon.

## Mír 10 Dualgais na Foirne

- Gan filleadh ná freastal ar scoil i gcás na nithe seo a leanas:
  - má tá cónaí orthu le duine a bhfuil siomptóim den víreas aige/aici
  - má thaistil siad lasmuigh d'Éirinn; ina leithéid cásanna moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal thar lear agus í a leanúint.
- Comhoibriú a dhéanamh le haon phearsanra sláinte poiblí agus lena scoil chun críche rianaithe teagmhálacha agus aon chomhairle sláinte poiblí a leanúint sa chás go bhfuil cás nó ráig sa scoil
- Aon tástáil COVID-19 a dhéanamh a bheadh ag teastáil mar chuid d'olltástáil nó de thástáil shrathach de réir mar atá molta ag Sláinte Phoiblí.

**Mír 12 Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe**

Tá an t-eolas nuashonraithe sa roinn seo.

**Aguisín 2 Foirm COVID-19 Roimh Fhilleadh ar an Obair**

Tá líon na gceisteanna méadaith ó 5 cinn go dtí 7 gcinn. Ceisteanna breise:

- An bhfuil tú ag fanacht ar thorthaí de thástáil COVID-19?
- Le 14 lá anuas, an raibh tú i dteagmháil le duine ar cás deimhnithe nó ar cás amhrasta é/í de COVID-19?
- Tá an fhoclaíocht athraithe beagán sna 5 cinn eile

**Aguisín 6 Seicliosta do Bhainistíocht na Scoile**

**Baill Foirne**

- Ar lorg tú deimhniú nár athraigh na sonraí san fhoirm roimh fhilleadh ar an obair a eascraíonn tar éis na dtréimhsí dúnta ar nós laethanta saoire na scoile.
- Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí gan filleadh ná freastal ar scoil má tá siad aitheanta ag FSS mar ghartheagmhálaí de chás deimhnithe de COVID-19 nó má tá cónaí orthu le duine a bhfuil na siomptóim den víreas aige/aici.
- Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí gan filleadh ná freastal ar scoil má thaistil siad lasmuigh d'Éirinn; ina leithéid cásanna moltar do bhaill foirne féachaint ar an gcomhairle is déanaí ón Rialtas maidir le taisteal thar lear agus í a leanúint
- Ar chuir tú comhairle ar bhaill foirne agus ar dhaltaí comhoibriú a dhéanamh le haon oifigigh sláinte poiblí agus leis an scoil chun críche rianaithe teagmhálacha agus aon chomhairle sláinte poiblí a leanúint sa chás go bhfuil cás nó ráig sa scoil.

**Sláinteachas Lámh / Riospráide**

An ndúirt tú leis an baill foirne agus leis na daltaí nach mór dóibh a lámha a ní nó díghalrán lámh a úsáid? Clúdaítear anseo:

- Nuair a théann siad isteach i bhfeithiclí agus nuair a thagann siad amach astu
- Nuair a théann siad isteach i bhfoirgnimh na scoile agus nuair a thagann siad amach astu

**Scaradh Fisiciúil**

- Ar chuir tú in iúl do na baill foirne maidir le treoir na Roinne le haerú maith a bhaint amach
- Ar sheiceáil tú aon chórais aeraithe mheicniúla lena chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach d'aer úr in úsáid

## Aguisín 7 Seicliosta chun déileáil le cás amhrasta de COVID-19

Beidh ball ainmnithe d'fhoireann bhainistíochta na scoile freagrach as a chinntiú gur cloíodh le gach gné den phrótacal chun déileáil le cásanna amhrasta.

## Aguisín 9 Seicliosta le glanadh a dhéanamh

An bhfuil sceideal glantacháin i scríbhinn curtha i bhfeidhm agat le bheith curtha ar fáil don fhoireann ghlantacháin ina bhfuil sé seo a leanas san áireamh:

- Dromchlaí a leagtar lámha orthu go minic ar nós meaisíní díola, meaisíní caife agus hanlaí dorais a ghlanadh go minic.